



Coláiste an Phiarsaigh Feachtas frithbhulaíochta



*lompár goilliúnach, leanúnach,
a dhéantar d'aon ghnó,
is ea bulaíocht*

Má tá bulaíocht ar siúl, ná tacaigh léi!

AITHIN Í, DIÚLTAIGH DI, AB AIR LINN!



Coláiste an Phiarsaigh Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

displayed. Your computer may not have enough memory to open the image, or the image may have been corrupted. Restart your computer, and then open the file again. If the red x still appears, you may have to delete the image and then

Ní hamháin go dtarlaíonn
an bhulaíocht sa
chlós scoile

Tarlaíonn sí
ar an bhfón . . .
agus ar line freisin.
Tarlaíonn sí as amharc
agus as éisteacht mhúinteoirí agus thuismitheoirí.





Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Ba chóir go mbeifeá slán sábháilte sa bhaile – saor ón mbulaíocht agus ón gciapadh . . .



. . . ach leanann an chibearbhulaíocht ar an bhfón agus ar líne tú, fiú nuair a bhíonn tú sa bhaile . . .



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Daoine atá cruálach, ag úsáid modhanna teicneolaíochta chun ábhar a ghoileann ar dhaoine eile nó a ghortaíonn daoine eile a scaipeadh



Nuair a úsáideann duine nó daoine go rialta ríomhairí, fóin phóca, fóin chliste nó aon teicneolaíocht eile chun duine eile a ghortú nó a náiriú.




Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cineálacha Cibearbhulaíochta



An sórt iompair a dhéanann cibearbhulaíochtaí:

- Bréaga a scaipeadh faoi mhic léinn
- Ráflaí a scaipeadh faoi mhic léinn
- Pictiúir duine a scaipeadh gan chead
- Pictiúir athraithe duine a scaipeadh gan chead
- Eolas pearsanta a fháil ó dhuine go calaoiseach
- Eolas pearsanta a scaipeadh faoi dhuine gan chead



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cineálacha Cibearbhulaíochta

- “Bladmhadh”: Troideanna ar líne ina n-úsáideann duine caint fheargach gháirsiúil i dteachtaireachtaí leictreonacha
- “Ciapadh”: Teachtaireachtaí maslacha, drochbhéasacha, urghrána a sheoladh arís agus arís eile
- “Cibearstalcaireacht”: Teachtaireachtaí bagracha, nó teachtaireachtaí a dhéanfaidh imeaglú ar dhuine, a sheoladh arís agus arís eile nó bheith gníomhach ar líne ar bhealaí eile a chuirfeadh scéin i nduine
- “Aithisiú”: Caitheamh anuas ar dhuine ar líne. Cúlchaint ghoilliúnach nó raflaí a sheoladh nó a phostáil faoi dhuine chun a c(h)lú nó a c(h)airdeas a mhilleadh



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cineálacha Cibearbhulaíochta

- “Pearsanú”: Ligean ort gur duine eile tú nuair a sheolann tú nó nuair a phostálann tú ábhar ar líne a chuireann isteach ar dhuine eile / a tharraingíonn trioblóid anuas ar dhuine eile / a chuireann isteach ar a c(h)lú / a c(h)airdeas
- “Eolas a sceitheadh”: Eolas pearsanta nó rúnda a fháil go calaoiseach agus ansin é a scaipeadh ar líne
- “Eisiamh”: Duine a fhágáil, d’ aon ghnó, ar lár as grúpa ar líne (liosta cairde, mar shampla)



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

- R-phost
- Fóin phóca / chliste
- Teachtaireachtaí téacs
- Teachtaireachtaí meandracha/ MSN
- Láithreáin líonraithe shóisialta
- Seomraí comhrá
- Samhlaigh iad mar chlóis shúgartha ghalánta ... istoíche ... gan daoine fásta thart ... ach lucht imris thart



facebook



twitter



bebo



ASK.fm



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cén fáth a dtarlaíonn an chibearbhulaíocht?

Uaireanta,

- ligeann cibearbhulaiithe orthu nach bhfuil ann ach píosa spraoi
- ceapann siad nach bhfuil tábhacht leis
- spreagann cairde iad
- ligeann said orthu go ndéanann gach duine é
- ní bhíonn aon mhachnamh déanta acu ar cad a tharlóidh don duine ar an taobh eile
- ceapann siad nach mbéarfaidh aon duine orthu / nach féidir breith orthu



Más mar sin é, mar a fheiceann tú. . . tá sé thar am dóibh machnamh a dhéanamh arís!



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

“Ní rabhamar ach ag magadh!”

“Ní raibh i gceist againn ach . . !”

Is cleithmhagadh é...

- Nuair atá an duine páirteach sa mhagadh
- Nuair a shíleann an duine go bhfuil an magadh greannmhar
- Nuair a thagann deireadh leis an magadh go tapa
- Nuair atá gach duine cothrom
- Nuair nach bhfuil leithcheal i gceist
- Nuair nach bhfuil bagairt ná eagla i gceist
- Nuair nach d' aon ghnó a ghortaítear duine

Is cibearbhulaíocht/bulaíocht í ...

- Má tá sí gan iarraidh
- Má tá sí leanúnach thar thréimhse ama
- Má tá éagothroime chumhachta ann
- Má bhraitheann an duine go bhfágтар ar lár é/í i gcúrsaí sóisialta
- Má tá bagairt ann
- Má tharlaíonn sí d'aon ghnó
- Má dhéanann duine/daoine í chun duine a ghortú



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cad is féidir a dhéanamh?

Sula mbeidh fadhb ann – bí gníomhach

Is maith le cibearbhulaithe:

Pictiúir díot a bheith acu

D' eolas príobháideach a bheith acu

D' eolas pearsanta a bheith acu

Do chuid pasfhocal a bheith acu

Eolas ar na rudaí a chuireann imní ort a bheith acu

Eolas ar na rudaí a chuireann isteach ort a bheith acu

An t-eolas seo a úsáid chun tú a ghortú

An t-eolas seo a roinnt lena gcairde féin . . .

nach cairde leatsa iad agus . . .

a roinnfidh é lena gcairde siúd . . .

nach bhfuil fiú aithne acu ort agus . . .

a roinnfidh é lena gcairde siúd . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .

Mar sin, . . .



Coláiste an Phiarsaigh Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Ceann de
na gnéithe is measa
faoin gcibearbhulaíocht ná . . .



. . . nach féidir leat a fheiceáil
cé go díreach atá á déanamh
agus go gceapann tú
nach bhfuil a fhios agat
cé hé/hí féin.

Ach, mar a fheicimid . . . is féidir an t-eolas sin a fháil . . .



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht



Léiríonn an taighde gurb iad na daoine a dhéanann bulaíocht na daoine céanna, go minic, a dhéanann cibearbhulaíocht . . . seans maith go bhfuil a fhios agat cé hiad féin . . .

Ach chun é a chruthú, caithfidh tú fianaise a bheith agat agus fágann cibearbhulaithe a lán 'méarlorg' leictreonach ina ndiaidh. Mar sin de, chun an lámh in uachtar a fháil orthu ná bí colgach ... bí cliste!



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Má tá bulaíocht á déanamh ort, cad is féidir leat a dhéanamh?

Más bulaíocht ar an bhfón atá á déanamh ort:

- Ná tabhair freagra riamh ar an mbulaíocht ná ar an gciapadh ar an bhfón
- Bíodh tú féin i gceannas ar an scéal – coimeád na teachtaireachtaí mar fhianaise
- Cuir bac leis an seoltóir – ligean na líonraí fóin duit é seo a dhéanamh
- Inis do dhuine éigin a bhfuil muinín agat ann/inti go bhfuil an bhulaíocht ag tarlú
- Má leanann an chibearbhulaíocht ar aghaidh, inis do do thuismitheoirí / do mhúinteoirí agus má tá sí go dona, labhair leis na Gardaí
- Fiú má tá uimhir an tseoltóra faoi cheilt, bíonn an t-am cruinn agus an dáta ceangailte le teachtaireacht – is féidir leis na Gardaí an t-eolas a fháil ón líonra fóin agus is féidir leo seoltóir na teachtaireachta a aimsiú



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Má tá bulaíocht á déanamh ort, cad is féidir leat a dhéanamh?

Más bulaíocht ar líne atá á déanamh ort:

- Ná tabhair freagra riamh ar an mbulaíocht ná ar an gciapadh ar líne, fiú nuair atá cathú ort freagra a thabhairt
- Bíodh tú féin i gceannas ar an scéal – stóráil, clóbhuail agus coimeád na teachtaireachtaí mar fhianaise. Coimeád taifead den dáta agus den am beacht más féidir.
- Cuir bac leis an seoltóir
 - (a) ar r-phost, cuir a (h)ainm ar liosta na seoltóirí bachtá agus
 - (b) ar láithreáin líonraithe shóisialta (m.sh. Facebook) trí
 - (i) tuairisc a chur chuig riarthóirí an láithreáin (iarr ar chara / ar dhuine fásta tuairisc a sheoladh freisin) – mínigh na fáthanna a ngoilleann sé ort
 - (ii) do chuid socruithe príobháideachais a athrú chun an duine sin a eisiáimh
- Má leanann an cibearbhulaíocht ar aghaidh, inis do do thuismitheoirí / do mhúinteoirí agus má tá sí go dona, labhair leis na Gardaí.



Coláiste an Phiarsaigh

Feachtas frithbhulaíochta



Cibearbhulaíocht

Cloígh leis na rialacha seo:

- Mura ndéarfá é go pearsanta . . . ná habair é i dteachtaireacht
- Sula seolfaidh tú teachtaireacht, cuimhnigh . . . is féidir rian gach ruda a sheoltar a aithint – fiú má sheoltar gan ainm é
- Má tá sé gránna, má tá sé suarach . . . ná seol é, ná seol ar aghaidh é, ná bain de
- Iarr ar do chairde tacú le feachtas frithbhulaíochta